Tuarascáil na Stiúrthóirí

Tá áthas ar na stiúrthóirí an tríú tuarascáil bhliantúil is fiche trúir gcuid, chomh maith le ráitis airgeadais iniúchta an Ghrúpa don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2006 a thíolacadh, agus a n-oibleagáidí faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2006, á gcomhlíonadh acu.

1. An Grúpa agus a Phríomhghníomhaíochtaí

Feidhmíonn an Chuideachta an tseirbhís náisiúnta poist agus seirbhísí tarchuir airgid agus soláthraíonn sí seirbhísí gníomhaireachta do Ranna Rialtais, do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, do Chuideachta Chrannchur Náisiúnta An Post agus comhlachtaí eile.

Tá gnáthscair amháin i seilbh an Aire Airgeadais agus tá fuíoll an scairchaipitil eisithe i seilbh an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha.

Tugtar sonraí na ngníomhaíochtaí a dhéanann foghnóthais, fhiontair chomhlachaithe agus chomhfhiontair chomh maith leis an bhfaisnéis riachtanach faoi Alt 158 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 i nóta 24 ar na ráitis airgeadais.

2. Torthaí

Tá sonraí maidir le torthaí na bliana leagtha amach sa chuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite ar leathanach 50 agus sna nótaí a bhaineann leo, ar na ráitis airgeadais. Ní mholann na stiúrthóirí go n-íocfaí díbhinn don bhliain.

3. Athbhreithniú Gnó

Tá an fhaisnéis a cheanglaíonn Rialachán 37 de Rialacháin (Cuideachtaí: Grúpchuntais) na gComhphobal Eorpach, 1992, san áireamh san fhaisnéis a thugtar ar leathanaigh 8 go 25.

Mar a léirítear ann, bhí feidhmiú an Ghrúpa agus na Cuideachta sásúil sa bhliain reatha le brabús oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla de €14.7m. €75.7m an brabús don bhliain airgeadais agus áirítear leis sin brabús eisceachtúil ar dhiúscairt shócmhainní de €94.7m, agus muirear eisceachtúil de €20.0m i ndáil le dámhachtainí pá aisbhreathnaitheacha a íoc, agus €13.9m chun chomhfhiontar seirbhísí airgeadais a bhunú le Fortis Bank. Tá tuilleadh faisnéise maidir leis na míreanna eisceachtúla sin tugtha i nóta 4 ar na ráitis airgeadais. €118.1m a bhí sna gnóthachain achtúireacha ar phleananna iar-fhostaíochta agus bhí gnóthachan aitheanta iomlán de €193.8m mar thoradh air sin. Glan-sócmhainní an Ghrúpa amhail an 31 Nollaig 2006 ná €125.3m i gcomparáid le glan-dliteanais de €68.5m amhail an 31 Nollaig 2005. Áirítear leis sin dliteanas pinsin de €193.2m (2005 : €307.8m), féach nóta 18 chun tuilleadh sonraí a fháil.

Maidir le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht, tá aird ag na stiúrthóirí agus ag an mbainistíocht ar raon príomhtháscairí feidhmíochta (KPInna), lena n-áirítear iad seo a leanas:

KPI	Feidhmíocht i 2006	Feidhmíocht i 2005
Airgeadas – torthaí comhdhlúite		
Brabús oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla mar chéatadán den láimhdeachas	**1.8%**	2.2%
Costais foirne agus máistrí poist roimh mhíreanna eisceachtúla mar chéatadán den láimhdeachas	**68.2%**	68.3%
Costais oibriúcháin eile mar chéatadán den láimhdeachas	**30.0%**	29.5%
Glan-Insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	**€37.1m**	€40.9m
Foireann		
Foireann An Post – Comhionann Lánaimseartha – ag deireadh na bliana	**8,868**	8,966
Foireann ócáideach – Comhionann Lánaimseartha	**423**	377
Uaire ragobair – Comhionann Lánaimseartha	**2,006**	1,953
Iomlán – Comhionann Lánaimseartha	**11,297**	11,296
Gnó Poist		
Innéacs príomhioncaim ó litreacha	**4.2%**	4.0%
Cáilíocht na seirbhíse (náisiúnta) - Píosa Poist tosaíochta aonair a sheachadadh an lá dar gcionn, Ráithe 3*	**74%**	74%
Gnó Miondíola		
Idirbhearta leasa shóisialaigh	**36.6m**	37.7m
Idirbhearta Íocaíochta Billí	**25.5m**	24.8m
Díolacháin ar Cheadúnais Teilifíse (mílte)	**1,339k**	1,273k
Táirgí Infheistíochta – glan insreabhadh ciste	**€143.0m**	€173.0m
Banc Taisce An Phoist (SSIA san áireamh) – glan insreabhadh ciste	**€43.0m**	€172.7m
Buirgléireachtaí agus Robálacha – an líon imeachtaí	**103**	192
Seirbhís do Chustaiméirí		
Gearáin i scríbhinn	**33,811**	36,478
Fiosrúcháin ar an teileafón (gnáth agus gearáin)	**315,642**	276,464

**Figiúirí de réir ComReg Monitor. Níl figiúirí iomlána don bhliain 2006 ar fáil fós, (2005: 73%).*

Tuarascáil na Stiúrthóirí ar leanúint

De réir an cheanglais anailís a dhéanamh ar na príomhrioscaí agus na neamhchinnteachtaí atá roimh fhorbairt an Ghrúpa agus na Cuideachta sa todhchaí, aithníodh na nithe seo a leanas:

- bagairtí iomaíocha ar ioncaim ó phost;
- teip i ndáil leis na Cláir Athraithe a chur i bhfeidhm go hiomlán;
- an tionchar a bhíonn ag ardleibhéal neamhláithreachais ar an ngnó;
- teip i ndáil le caighdeán na spriocanna seirbhíse a bhaint amach agus a chothabháil;
- an poitéinseal seirbhísí gníomhaireachta suntasacha a chailleadh;
- ionadaíocht leictreonach ar an bpost;
- na socruithe maidir le rochtain iarmhartach ar sheirbhísí poist;
- teip i ndáil le saincheisteanna caidrimh thionsclaíoch a réiteach;
- chomh maith is ar éirigh le Straitéis Seirbhísí Airgeadais an Post.

Rinne na stiúrthóirí anailís ar na rioscaí sin agus ar rioscaí eile agus tá cláir oiriúnacha ar bun chun na rioscaí sin a bhainistiú agus a rialú. Leagann an Ráiteas Rialachais Chorparáidigh ar leathanaigh 32 go dtí 39 amach na beartais agus an cur chuige maidir le rioscaí agus na nósanna imeachta agus freagrachtaí rialaithe inmheánacha a bhaineann leo.

4. Stiúrthóirí, an Rúnaí agus a Leasanna

Tharla na hathruithe seo a leanas i gcomhdhéanamh an Bhoird ó dháta thuarascáil bhliantúil deiridh na stiúrthóirí:

Ceapadh Ciara Hurley Uasal an 3 Aibreáin, 2006.
Ceapadh an tUasal Brian McConnell an 3 Aibreáin, 2006.
Scoir an tUasal Donal Curtin an 13 Iúil, 2006
Ceapadh an tUasal Donal Connell an 14 Lúnasa, 2006
Scoir an tUasal Alan Sloane an 31 Nollaig, 2006, agus athcheapadh é an 1 Eanáir 2007.

Ní raibh leas ar bith i scaireanna nó bintiúir na Cuideachta nó i scaireanna nó bintiúir aon Ghrúpchuideachta ag na stiúrthóirí agus ag an rúnaí a bhí in oifig an 31 Nollaig, 2006.

5. Fostaithe

Is fostóir comhdheiseanna é an Grúpa. Breithnítear gach iarratas ar fhostaíocht go hiomlán agus go cóir, le haird chuí á tabhairt ar infheidhmeacht agus ar chumas an duine, agus riachtanais an phoist a bhíonn i gceist. Caitear le gach duine ar chomhthéarmaí maidir le hoiliúint, forbairt gairme agus ardú céime.

Tá an Grúpa tiomanta do na caighdeáin is airde de chleachtais sábháilteachta agus sláinte chun riachtanais an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, agus riachtanais amach anseo, a chomhlíonadh. Comhordaíonn bainisteoir sábháilteachta agus sláinte na beartais atá leagtha amach i Ráiteas Sábháilteachta an Ghrúpa, atá deartha chun áit oibre agus córas oibre sábháilte a chinntiú d'fhostaithe ar fad an Ghrúpa.

6. An t-Acht Um Íoc Pras Cuntas

Is é beartas An Post riachtanais reachtaíocht chuí maidir le híoc pras cuntas a chomhlíonadh. Is iad gnáththéarmaí an Ghrúpa maidir le creidmheas a ghlacadh ná 30 lá, mura sonraítear a mhalairt i socruithe sonracha conartha. Tá rialuithe airgeadais inmheánacha cuí ann, lena n-áirítear róil agus freagrachtaí atá sainmhínithe go soiléir agus tuairisciú mhíosúil agus athbhreithniú ar chleachtais íocaíochta. Ní thugann na nósanna imeachta sin ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán, in aghaidh neamhchomhlíonadh ábhartha na rialachán.

7. Taifid Chuntasaíochta

Trí fhoireann chuntasaíochta le saineolas cuí a fhostú agus trí acmhainní dóthanacha a sholáthar don fheidhm airgeadais, creideann na stiúrthóirí gur chomhlíon siad riachtanais Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 maidir le leabhair chuntais. Coinnítear leabhair chuntais na Cuideachta ag áitreabh na Cuideachta ag Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath 1.

8. Iniúchóirí

De réir Alt 160 (2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963 leanfaidh na hiniúchóirí, KPMG, Cuntasóirí Cairte, de bheith in oifig.

Thar ceann an Bhoird

Margaret McGinley
Cathaoirleach

Donal Connell
Stiúrthóir

22 Márta, 2007

Rialachas Corparáideach

Leanann cothabháil ardchaighdeáin de rialachas corparáideach de bheith mar thosaíocht do stiúrthóirí An Post. Agus an beartas rialachais chorparáidigh á fhorbairt, bhí sé i gceist ag an mBord éifeacht a thabhairt do Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais, agus do na príomhphrionsabail agus do na prionsabail thacaíochta dea-rialachais iomchuí a léirítear sa Chomhchód 2003 arna eisiúint ag Comhairle Tuairiscithe Airgeadais na Ríochta Aontaithe. Cé nach bhfuil baint dhíreach ag forálacha an Chomhchóid ach le cuideachtaí liostaithe, creideann an Bord go gcuidíonn a bhfeidhmiú, nuair is féidir, le An Post an dea-chleachtas rialachais chorparáidigh a chomhlíonadh.

Tá na stiúrthóirí freagrach do na scairshealbhóirí as dea-rialachas corparáideach agus tugann an tuarascáil seo aghaidh ar an tslí a bhfuil an Cód Dea-Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit agus príomhphrionsabail agus prionsabail thacaíochta cuí an Comhchóid 2003 á bhfeidhmiú laistigh de An Post.

An Bord

Is é an Bord stiúrthóirí a rialaíonn an Grúpa. Is iad príomhróil an Bhoird oibriú an Ghrúpa a mhaoirsiú, ceannasaíocht a sholáthar don Ghrúpa, cuspóirí straitéiseacha an Ghrúpa a cheadú agus a chinntiú go mbeidh na hacmhainní riachtanacha airgeadais agus eile ar fáil dóibh chun a chur ar a gcumas na cuspóirí sin a chomhlíonadh. Bíonn cruinnithe ar bhonn míosúil ag an mBord agus fágtar cinntí maidir le hábhair áirithe, go sonrach, faoin mBord.

Áirítear ar na freagrachtaí sonracha a fhágtar faoin mBord: straitéis an Ghrúpa a shocrú agus buiséad bliantúil agus teilgin mheántéarma a cheadú; feidhmíocht oibriúcháin agus feidhmíocht airgeadais a athbhreithniú; mórchaiteachas caipitil a cheadú; córais rialaithe airgeadais agus bainistithe rioscaí an Ghrúpa a athbhreithniú; a chinntiú go bhfuil pleananna forbartha bainistíochta agus pleananna comharbais cuí ann; feidhmíocht chomhshaoil, shláinte agus shábháilteachta an Ghrúpa a athbhreithniú; agus a chinntiú go mbeidh idirphlé sásúil á dhéanamh leis na scairshealbhóirí.

Tá na freagrachtaí seo a leanas tarmligthe ag an mBord chuig an mbainistíocht: pleananna straitéiseacha le haghaidh breithniú an Bhoird, a léiríonn cuspóirí agus tosaíochtaí níos fadtéarmaí arna mbunú ag an mBord a fhorbairt agus a mholadh; straitéisí agus beartais an Ghrúpa, arna gcinneadh ag an mBord, a fheidhmiú; monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí oibriúcháin agus airgeadais in aghaidh pleananna agus buiséid; tosaíocht a thabhairt do leithdháileadh acmhainní teicniúla agus acmhainní daonna; agus córais bhainistithe rioscaí a fhorbairt agus a fheidhmiú.

Ról an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh

Is í an Cathaoirleach a stiúrann an Bord lena straitéis a chinneadh agus lena chuspóirí a bhaint amach. Tá an Cathaoirleach freagrach as gnó an Bhoird a eagrú, éifeachtacht an Bhoird a chinntiú agus clár oibre an Bhoird a leagan amach. Éascaíonn an Cathaoirleach obair éifeachtach gach stiúrthóra agus caidreamh úsáideach idir an stiúrthóir feidhmeannach agus na stiúrthóirí eile, cinntíonn go bhfaigheann stiúrthóirí faisnéis chruinn, thráthúil, agus shoiléir agus bainistíonn sí cumarsáid éifeachtach le scairshealbhóirí.

Tá an Príomhfheidhmeannach i gceannas an Ghrúpa go díreach, ar bhonn lá go lá, agus tá sé freagrach as feidhmíocht airgeadais agus oibriúcháin an Ghrúpa.

An Stiúrthóir Neamhspleách Sinsearach

Bhreithnigh an Bord an cheist maidir le comhalta dá gcuid, sa bhreis ar an gCathaoirelach a ainmniú ina Stiúrthóir Neamhspleách Sinsearach, ach creideann an Bord i gcónaí, nach bhfuil an moladh seo de chuid an Chomhchóid infheidhme i bhfianaise struchtúr dlíthiúil An Post.

Stiúrthóirí agus Neamhspleáchas na Stiúrthóirí

Is é an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a cheapann gach stiúrthóir don Bhord agus leagtar amach na coinníollacha a bhainfidh lena gceapacháin agus a dtáillí i scríbhinn. Déantar fostaithe a thoghadh mar stiúrthóirí de réir na nAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 go dtí 1993 ar feadh téarma ceithre bliana. Déantar máistir poist a thoghadh mar stiúrthóir de réir Alt 81 den Acht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide, 1983 ar feadh téarma trí bliana. Ceapfar na stiúrthóirí eile ar fad ar feadh téarma buan, téarma cúig bliana de ghnáth.

I láthair na huaire tá an Bord comhdhéanta de chúig stiúrthóir déag viz: an Príomhfheidhmeannach, cúigear stiúrthóirí atá ina bhfostaithe, stiúrthóir amháin atá ina mháistir poist agus ochtar stiúrthóirí nach feidhmeannaigh iad. Tá ainmneacha na stiúrthóirí chomh maith lena sonraí beathaisnéiseacha leagtha amach ar leathanaigh 4 agus 5. Ní ag an duine céanna atá post an Chathoirligh agus post an Phríomhfheidhmeannaigh. Mar gheall ar a stádas mar Chuideachta faoi úinéireacht iomlán an Stáit agus freagracht a príomhscairshealbhóra ó thaobh ceapadh stiúrthóirí, creideann an Bord nach bhfuil na critéir a bhíonn in úsáid le neamhspleáchas stiúrthóirí cuideachta atá liostaithe a bhreithniú oiriúnach d'imthosca An Post. Mar sin, níl meastóireacht déanta ag an mBord ar neamhspleáchas na stiúrthóirí in aghaidh na gcritéar ata leagtha amach i gComhchód 2003.

Éilíonn an Comhchód 2003 ar an gCathaoirleach cruinnithe a thionól leis na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin gan an stiúrthóir feidhmiúcháin a bheith i láthair. Tá nósanna imeachta curtha ar bun ag an mBord ina mbeidh cruinnithe aige gan an Príomhfheidhmeannach a bheith i láthair.

Tá sé de cheart ag na Stiúrthóirí a chinntiú go ndéantar taifead ar aon ábhar ímní a bheadh acu maidir le feidhmiú an Ghrúpa, nach féidir a réiteach, i miontuairiscí an Bhoird. Má bhíonn aon ábhar ímní den sórt sin acu, féadfaidh siad, agus iad ag éirí as a bpost, ráiteas i scríbhinn a sholáthar don Chathaoirleach, le scaipeadh ar an mBord.

Beidh rochtain ar chomhairle ghairmiúil neamhspleách ag na stiúrthóirí, nuair a mheasfaidh na stiúrthóirí go bhfuil sin riachtanach chun a bhfreagrachtaí mar stiúrthóirí a chomhlíonadh agus íocfaidh an Grúpa as.

Forbairt ghairmiúil

Nuair a cheapfar stiúrthóirí nua, beidh orthu a bheith páirteach i gclár insealbhaithe nuair a gheobhaidh siad faisnéis faoin nGrúpa, faoi ról an Bhoird agus na hábhair a fhágtar faoin mBord le cinneadh, faoi théarmaí tagartha agus comhaltas an phríomh-Bhoird agus Coistí an Bhoird, faoi chleachtais agus nósanna imeachta rialachais chorparáidigh an Ghrúpa, lena n-áirítear na freagrachtaí a tharmligtear chuig bainistíocht shinsearach an Ghrúpa, agus an fhaisnéis airgeadais is déanaí maidir leis an nGrúpa. De ghnáth tacóidh cruinnithe le feidhmeannaigh shinsearacha lárnacha leis sin. Beidh na stiúrthóirí á dtabhairt cothrom le dáta go leanúnach trí mhionteagaisc i scríbhinn agus trí chruinnithe a thionól le feidhmeannaigh shinsearacha, le linn a dtréimhse i seilbh oifige, maidir le gnó an Ghrúpa, na timpeallachtaí iomaíocha agus rialaithe ina bhfeidhmíonn sé, cúrsaí a bhaineann le freagracht chorparáideach shóisialach agus athruithe eile a mbeidh tionchar acu ar an nGrúpa agus an tionscal poist ina iomlán. Cuirfear stiúrthóirí ar an eolas freisin, nuair a cheapfar iad, i scríbhinn agus trí chruinnithe pearsanta le Rúnaí na Cuideachta, maidir lena bhfreagrachtaí agus oibleagáidí ó thaobh an dlí agus eile agus iad ina stiúrthóirí. Tabharfar cothrom le dáta iad chomh maith maidir le hathruithe ar a riachtanais rialachais agus dlí an Ghrúpa agus orthu féin mar stiúrthóirí.

Rialachas Corparáideach ar leanúint

Meastóireacht feidhmíochta

Tá próiseas glactha agus á fheidhmiú ag an mBord don mheastóireacht bhliantúil ar a fheidhmíocht féin agus ar a bpríomhChoistí. Creideann an Bord go mbeadh sé mí-oiriúnach aon mheastóireacht bhreise eile a thabhairt isteach ar stiúrthóirí aonaracha mar gheall ar an gcaoi a gceaptar stiúrthóirí, an struchtúr scairshealbhóireachta agus nósanna imeachta an Bhoird atá ann cheana.

Rúnaí na Cuideachta

Is fostaí lánaimseartha de chuid An Post é Rúnaí na Cuideachta. Tá Rúnaí na Cuideachta freagrach as an mBord a chomhairliú ar na nithe rialachais ar fad tríd an gCathaoirleach. Tá rochtain ag gach stiúrthóir ar chomhairle agus seirbhísí Rúnaí na Cuideachta. Forálann Airteagail Chomhlachais na Cuideachta gur cúrsaí don Bhord iomlán iad Rúnaí na Cuideachta a cheapadh agus a bhriseadh as a phost/a post..

Faisnéis

Scaiptear tuarascálacha agus páipéir go rialta ar na stiúrthóirí, ar shlí thráthúil agus iad ag ullmhú do chruinnithe Boird agus Coistí. Bíonn faisnéis a bhíonn iarrtha go sonrach ag stiúrthóirí mar fhorlíonadh do na páipéir sin ó am go ham.

Faigheann na stiúrthóirí cuntais mhíosúla bainistíochta agus tuairiscí bainistíochta agus faisnéis rialta a chuireann ar a gcumas feidhmíocht an Ghrúpa agus feidhmíocht na bainistíochta a scrúdú i gcomparáid le cuspóirí socraithe.

Caidrimh le scairshealbhóirí

Bíonn cumarsáid leanúnach maidir le saincheisteanna straitéiseacha, ag an mBord agus ag an mbainistíocht le scairshealbhóirí na Cuideachta.

Tugann an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach aiseolas don Bhord maidir le saincheisteanna a chuireann na scairshealbhóirí faoina mbráid. Go hiondúil freastalaíonn na stiúrthóirí ar fad ar an gCruinniú Ginearálta Bliantúil agus iarrtar ar scairshealbhóirí ceisteanna a chur i rith an chruinnithe agus casadh le stiúrthóirí nuair a bhíonn na himeachtaí foirmiúla críochnaithe.

Rialú Inmheánach

Tá próiseas leanúnach ann chun na rioscaí suntasacha a thagann os comhair an Ghrúpa a aithint, a mheas agus a bhainistiú. Athbhreithníonn na stiúrthóirí an próiseas sin atá bunaithe ar an gComhchód Treorach do stiúrthóirí arna eisiúint ag an Institiúid Cuntasóirí Cairte i Sasana agus sa Bhreatain Bheag (Treoir Turnbull), go tréimhsiúil, agus bhí an próiseas i bhfeidhm ar feadh na tréimhse cuntasaíochta agus suas go dtí an dáta ar ceadaíodh na ráitis airgeadais.

De réir threoir choiste Turnbull, tá na stiúrthóirí freagrach as córas rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa, ba chóir dóibh beartais chuí ar rialú inmheánach a leagan amach, dearbhú rialta a lorg a chuirfidh ar a gcumas a bheith sásta go bhfuil an córas ag feidhmiú go héifeachtach agus ba chóir dóibh a chinntiú go bhfuil éifeacht ag an gcóras rialaithe inmheánaigh maidir le rioscaí a bhainistiú ar an tslí atá ceadaithe acu. Tá córas den sórt sin leagtha amach chun rioscaí gnó a bhainistiú seachas deireadh a chur leo agus ní thugann an córas ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú iomlán in aghaidh caillteanais nó mí-ráitis ábhartha.

Lean na stiúrthóirí ag athbhreithniú éifeachtacht chóras rialuithe airgeadais agus neamhairgeadais an Ghrúpa i rith 2006, lena n-áirítear rialuithe oibriúcháin agus comhlíonta, bainistiú riosca agus socruithe rialaithe inmheánaigh ardleibhéal an Ghrúpa. Áirítear measúnacht bainistíochta ar rialuithe inmhéanacha, dearbhú bainistíochta ar chothabháil rialuithe, tuairiscí ó na hiniúchóirí inmheánacha agus tuairiscí ó na hiniúchóirí seachtracha maidir le nithe a aithníodh le linn a gcuid oibre iniúchta reachtúil, ar na hathbhreithnithe sin.

Breathnaíonn an Grúpa ar bhainistiú cúramach riosca mar phríomhghníomhaíocht bainistíochta. Is príomhghné de gach gníomhaíocht é riosca gnó a bhainistiú chun deiseanna a sheachadadh. Déantar é sin trí úsáid a bhaint as creat oibre solúbtha simplí a sholáthraíonn slí mharthanach sheasmhach chun luachanna an Ghrúpa a fheidhmiú. Ba chóir go mbeadh tuiscint ar na rioscaí gnó sin, ar féidir leo a bheith ina rioscaí straitéiseacha, rioscaí oibriúcháin, rioscaí clúiteacha, rioscaí airgeadais nó rioscaí comhshaoil, agus ba chóir go mbeidís infheicthe. Is é an comhthéacs gnó maidir le gach cás a chinneann an leibhéal riosca agus rialuithe inghlactha.

Tá an bhainistíocht freagrach as rioscaí shuntasacha a aithint agus a mheas agus as rialuithe inmheánacha cuí a leagan amach agus a fheidhmiú. Déantar measúnú ar na rioscaí sin, a thagann as foinsí éagsúla seachtracha agus inmheánacha, ar bhonn leanúnach. Tuairiscíonn an bhainistíocht chuig an mBord go rialta, ar na príomhbhunrioscaí sa ghnó agus ar an tslí a mbainistítear na rioscaí sin. Tuairiscíonn an bhainistíocht chuig an mBord freisin maidir le haon athruithe suntasacha ar ghnó an Ghrúpa agus ar aon rioscaí a bhaineann le hathruithe den sórt sin. Is cuid lárnach den timpeallacht rialaithe inmheánaigh é an próiseas a úsáidtear chun rioscaí lárnacha a aithint agus a bhainistiú.

Is iad seo a leanas na príomhnósanna imeachta a bhunaigh na stiúrthóirí ag féachaint do rialú inmheánach éifeachtach a sholáthar:

- Fócas soiléir ar chuspóirí gnó arna gcinneadh ag an mBord tar éis freagrachtaí reachtúla agus próifíl riosca gnó an Ghrúpa a bhreithniú.

- Struchtúr eagrúcháin sainmhínithe le línte freagrachta soiléire, tarmligean údarais, agus dualgais a dheighilt a leagfar amach chun timpeallacht rialaithe thairbheach a chothú.

- Próiseas bainistithe riosca a bhreithneoidh straitéis agus forbairt an ghnó i gcomhthéacs an phróisis bhliantúil buiséid agus pleananna airgeadais agus spriocanna feidhmíochta á socrú agus á n-athbhreithniú ag an mBord de réir chuspóirí foriomlána an Ghrúpa.

- Córas rialaithe agus tuairiscithe a chinnteoidh go dtuairisceoidh gnólachtaí aonair chuig an mBord ar bhonn leanúnach maidir lena gcuspóirí agus a ndul chun cinn chun iad a bhaint amach. Clúdaíonn an córas tuairiscithe feidhmíocht oibriúcháin agus airgeadais, tarlaíonn siad ar bhonn thráthúil agus cinnteoidh an córas go scrúdófar athraithis bhuiséadacha agus go ndéileálfar go pras leo.

- Feidhm iniúchta inmheánach a dhéanfaidh monatóireacht ar chomhlíonadh beartas agus éifeachtacht rialú inmheánach laistigh de ghnólachtaí an Ghrúpa. Díreofar oibriú na feidhme iniúchta inmheánaigh ar na réimsí is mó riosca don Ghrúpa.

- An Coiste Iniúchta agus Slándála, coiste ar leibhéal an Bhoird, a cheadóidh pleananna iniúchta inmheánaigh agus seachtracha agus a bheidh ag déileáil le saincheisteanna rialaithe suntasacha a thabharfaidh na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha ar aird.

Rialachas Corparáideach ar leanúint

Freastal ar chruinnithe de chuid an Bhoird, an Choiste um Luach Saothair agus an Choiste Iniúchta agus Slándála

Reáchtáladh trí chruinniú Boird déag i rith na bliana dar chríoch 31 Nollaig, 2006 agus tá taifead tinrimh gach stiúrthóra leagtha amach sa tábla seo a leanas:

Ainm	i dteideal freastal	A d'fhrestail
Margaret McGinley	13	13
Patrick Compton	13	12
Jerry Condon	13	12
Donal Connell	3	3
Donal Curtin	8	8
Patrick Davoren	13	11
Thomas Devlin	13	11
Louise English	13	12
Ciara Hurley	9	6
James Hyland	13	12
Terry Kelleher	12	11
Brian McConnell	9	8
Alice O'Flynn	13	12
John Quinlivan	13	10
Alan Sloane	13	13
Peter Wyer	13	11

Reáchtáladh ocht gcruinniú Boird den Choiste um Luach Saothair i rith na bliana dar chríoch 31 Nollaig, 2006 agus tá taifead tinrimh gach stiúrthóra a bhí i dteideal freastal orthu, leagtha amach sa tábla seo a leanas:

Ainm	i dteideal freastal	A d'fhreastail
Margaret McGinley	8	8
Alice O'Flynn	8	8
Peter Wyer	8	7

Reáchtáladh seacht gcruinniú den Choiste Iniúchta agus Slándála i rith na bliana dar chríoch 31 Nollaig, 2006 agus tá taifead tinrimh gach stiúrthóra a bhí i dteideal freastal orthu, leagtha amach sa tábla seo a leanas:

Ainm	i dteideal freastal	A d'fhreastail
Patrick Davoren	7	7
James Hyland	7	7
Alice O'Flynn	7	6

Luach Saothair na Stiúrthóirí

Cinntear luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh de réir na nósanna imeachta arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais, a chinneann luach saothair Phríomhoifigigh Feidhmiúchán na gComhlachtaí Tráchtála Stáit faoina coimirce agus tá luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh faoi réir cheadú an Choiste um Luach Saothair de chuid Bord An Post agus an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha. Is é an cuspóir luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh a chothabháil ag leibheál tarraingteach don duine ach a léireoidh luach ar airgead don Ghrúpa ag an am céanna. Tá sciar de luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh i gcoibhneas le feidhmíocht agus, ar an tslí sin tá sé nasctha le cuspóirí an Ghrúpa agus an duine féin.

Cinneann an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, le ceadú ón Aire Airgeadais, táillí gach stiúrthóra.

Is ionann na nochtuithe a dhéantar sna ráitis airgeadais seo a bhaineann le luach saothair agus eolas faoi phinsean na stiúrthóirí agus iad sin a éilítear faoi Achtanna na gCuideachtaí , 1963 go 2006.

An Coiste um Luach Saothair

Tá an Coiste um Luach Saothair comhdhéanta de thriúr stiúrthóirí nach feidhmeannaigh iad. Tá Margaret McGinley ag gníomhú mar Chathaoirleach an Choiste. Iarrtar ar stiúrthóirí nach Comhaltaí den choiste iad freastal nuair is gá. Is iad príomhfhreagrachtaí an Choiste:

- luach saothair, agus téarmaí agus coinníollacha fostaíochta eile de chuid an Phríomhfheidhmeannaigh a chinneadh, thar ceann an Bhoird, faoi réir Beartas an Rialtais lena mbaineann a chomhlíonadh;

- struchtúir pá, agus téarmaí agus coinníollacha foirne sinsearacha eile (arna aithint ag Cathaoirleach an Bhoird) a chinneadh thar ceann an Bhoird;

- a bheith curtha ar an eolas faoi fhorbairtí suntasacha i gcaidreamh tionscail agus beartais chaidreamh tionscail a athbhreithniú chun a chinntiú go mbeidh an straitéis ag teacht lena bhfuil bainte amach ag plean gnó An Post agus cinntí a dhéanamh ar chúrsaí den sórt sin, thar ceann an Bhoird;

- na cinntí ar fad a bhaineann le pá agus cúrsaí pá a dhéanamh de réir mar a chinnfidh Cathaoirleach an Bhoird agus é ag gníomhú thar ceann an Bhoird;

- na cinntí suntasacha ar fad a bhaineann le cúrsaí ar nós beartas um luach saothair, sochair, grádú foirne, moltaí tríú páirtí agus saincheisteanna gaolmhara agus é ag gníomhú thar ceann an Bhoird.

An Coiste Iniúchta agus Slándála

Tá an Coiste Iniúchta agus Slándála comhdhéanta de bheirt stiúrthóirí nach feidhmeannaigh iad agus de stiúrthóir amháin ar fostaí é nó í. Tá taithí airgeadais chuí agus taithí airgeadais le déanaí ag Cathaoirleach an choiste, James Hyland. Iarrtar ar stiúrthóirí nach Comhaltaí den choiste iad freastal nuair is gá. Faoina théarmaí tagartha, tá an Coiste chun cuidiú leis an mBord a fhreagrachtaí a chomhlíonadh trí athbhreithniú neamhspleách ar thuairisciú airgeadais a sholáthar, tríd an gcoiste a shásamh maidir le héifeachtacht rialuithe inmheánacha na Cuideachta agus maidir le leordhóthanacht na n-iniúchtaí seachtracha agus inmheánacha.

Rialachas Corparáideach ar leanúint

Tá an Coiste freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an phróisis iniúchta seachtraigh agus as moltaí a dhéanamh chuig an mBord i ndáil le hiniúchóirí seachtracha a cheapadh, a athcheapadh agus leis an luach saothair a thabharfar dóibh. Tá sé freagrach as a chinntiú go gcothabhálfar caidreamh cuí idir an Grúpa agus na hiniúchóirí seachtracha, lena n-áirítear seirbhísí agus táillí neamh-iniúchta a athbhreithniú. Is gá iniúchóirí seachtracha an Ghrúpa a fhostú le haghaidh seirbhísí áirithe a bhaineann le hiniúchadh agus seirbhísí áirithe neamh-iniúchta, mar thoradh ar riachtanais rialacháin nó riachtanais den sórt sin. Chinn an Coiste Iniúchta agus Slándála beartais maidir le cad iad na seirbhísí a bhaineann le hiniúchadh agus cad iad na seirbhísí nach mbaineann ar féidir le hiniúchóirí seachtracha an Ghrúpa a sholáthar, agus an próiseas ceadaithe a bhaineann leis na seirbhísí sin, ionas go gcothabhálfar neamhspleáchas na n-iniúchóirí seachtracha.

Faoi na beartais sin, ní bheidh obair ar nós obair chomhairleach á tairiscint d'iniúchóirí sheachtracha mura mbeidh éifeachtachtaí soiléire agus sochair bhreisluacha don Ghrúpa ag baint leis, agus ag cinntiú go gcothabhálfar oibiachtúlacht agus neamhspleáchas na n-iniúchóirí seachtracha. Déanann an Coiste Iniúchta agus Slándála monatóireacht ar leibhéal na dtáillí a íoctar leis na hiniúchóirí seachtracha.

Athbhreithníonn an Coiste na córais rialaithe inmheánaigh agus na próisis monatóireachta agus meastóireachta maidir le rioscaí a thagann os comhair an Ghrúpa, go bliantúil.

Cuidíonn an Coiste leis an mBord freisin, agus nuair is cuí tugann moltaí don Bhord maidir lena fhreagrachtaí i ndáil le slándáil a chomhlíonadh.

Buaileann an Coiste leis an mbainistíocht agus go príobháideach leis na hiniúchóirí seachtracha.

Chomhlíon an Coiste Iniúchta agus Slándála a fhreagrachtaí i 2006 trí:

- dhréacht-ráitis airgeadais an Ghrúpa do 2005 a athbhreithniú sular cheadaigh an Bord iad agus sular casadh leis na hiniúchóirí seachtracha chun a athbhreithniú;
- oiriúnacht beartais chuntasaíochta an Ghrúpa a athbhreithniú;
- thionchar cúrsaí tábhachtacha a tharla i rith na bliana ar ráitis airgeadais an Ghrúpa a athbhreithniú;
- acmhainní iniúchta inmheánach a athbhreithniú, pleananna iniúchta inmheánaigh a cheadú, tuairiscí iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú agus déileáil le saincheisteanna tábhachtacha maidir le rialú ar thug na hiniúchóirí inmheánacha ar aird;
- an táille iniúchta a athbhreithniú agus a cheadú agus na táillí neamh-iniúchta iníoctha le hiniúchóirí seachtracha an Ghrúpa a athbhreithniú;
- phlean na n-iniúchóirí seachtracha maidir le hiniúchadh ar ráitis airgeadais an Ghrúpa do 2006, dearbhú neamhspleáchais na n-iniúchóirí agus dearbhú an táille iniúchta molta, a athbhreithniú, agus na téarmaí maidir le dul i mbun iniúchta a cheadú;
- na príomhrioscaí don ghnó a athbhreithniú agus dóthanacht chórais aithint riosca agus measúnú riosca an Bhoird a bhreithniú;

- thuarascáil bhliantúil ar chórais rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa agus a n-éifeachtacht a athbhreithniú, tuairisc a thabhairt don Bhord ar thorthaí an athbhreithnithe, agus a bheith tugtha cothrom le dáta go rialta maidir le réimsí lárnacha rioscaí rialaithe airgeadais;

- athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais slándála agus nósanna imeachta maidir leis an bhfoireann agus custaiméirí a chosaint agus sócmhainní a choinneáil slán agus na beartais agus na nósanna imeachta sin a fheidhmiú agus a chomhlíonadh.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an nGrúpa a chinntíonn go mbeidh socruithe oiriúnacha ann ionas go mbeidh fostaithe in ann cúrsaí a d'fhéadfadh a bheith míchuí a thabhairt ar aird faoi rún, agus go mbeadh gníomh leanúna cuí ann chun déileáil leo ina dhiaidh sin. Cruthaíodh slite a chuirfidh ar chumas daoine éagóir a bhraitear a chur in iúl tríd an bpost, trí glao gutháin agus trí ríomhphost, ní gá ainm a thabhairt, más sin a bhíonn ó dhaoine.

An Coiste Ainmniúcháin

Ní gá go mbeadh bunú coiste ainmniúcháin á bhreithniú ag an mBord os rud é go bhfuil an t-údarás ar fad a bhaineann le stiúrthóirí a cheapadh dílsithe don Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha le toiliú ón Aire Airgeadais.

Ráiteas Comhlíonta

Mar a thugtar ar aird thuas, agus an beartas rialachais chorparáidigh á fhorbairt, bhí sé i gceist ag an mBord éifeacht a thabhairt do Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais, agus do na príomhphrionsabail agus do na prionsabail thacaíochta dea-rialachais iomchuí a léirítear sa Chomhchód 2003 arna eisiúint ag Comhairle Tuairiscithe Airgeadais na Ríochta Aontaithe.

Dearbhaíonn na stiúrthóirí go raibh príomhphrionsabail agus prionsabail thacaíochta chuí Chomhchóid 2003 agus an Chóid Dea-Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit á gcomhlíonadh ar feadh na bliana airgeadais atáthar a athbhreithniú ach i ndáil leis na cúrsaí seo a leanas, mar a mhínítear thuas nuair nach meastar comhlíonadh deonach fhorálacha Chomhchóid 2003, mar gheall ar an tslí a cheaptar stiúrthóirí, struchtúr dlí agus struchtúr scairshealbhóireachta na Cuideachta agus nósanna imeachta Bhoird atá ann faoi láthair a bheith cuí.

Gnóthas Leantach

Tá plean gnó an Ghrúpa agus faisnéis chuí eile, athbhreithnithe ag na stiúrthóirí agus tá dóchas réasúnta acu go leanfaidh an Grúpa de bheith ag oibriú go ceann i bhfad. Mar gheall air sin, leanfaidh na stiúrthóirí ag glacadh le bonn an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

Thar ceann an Bhoird

Margaret McGinley
Cathaoirleach

Donal Connell
Stiúrthóir

22 Márta, 2007

Ráiteas de chuid na Stiúrthóirí

ar chomhlíonadh Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Seirbhísí Poist) 2002 a bhaineann le córais chostchuntasaíochta agus le Treoir an Rialtóra ar Chórais Chuntasaíochta An Post

Faoi Rialacháin na gComphobal Eorpach (Seirbhísí Poist), 2002 ('na Rialacháin'), ainmníodh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide, (ComReg) mar an t-údarás rialacháin náisiúnta don earnáil phoist agus ainmníodh An Post mar Sholáthróir Uilíoch Seirbhíse

Faoi na Rialacháin sin, tá sé riachtanach go mbeidh nósanna imeachta cuntasaíochta An Post á riaradh de réir threoracha atá leagtha síos ag ComReg agus de réir fhorálacha faoi leith sna Rialacháin. D'eisigh ComReg treoir do An Post an 20 Meán Fómhair 2001, a leag amach riachtanais shonracha an rialtóra i ndáil le córais chuntasaíochta An Post ('An Treoir'). D'eisigh Comreg treoir chuntasaíochta nua chuig An Post an 8 Nollaig, 2006 a fheidhmíonn tréimhsí cuntasaíochta a thosnaíonn an 1 Eanair, 2007 nó ina dhiaidh.

Tugann na stiúrthóirí aitheantas dá bhfreagracht forálacha cuntasaíochta de chuid na Rialachán, agus na Treorach a chomhlíonadh agus léiríonn an ráiteas seo a leanas an tslí ar fheidhmigh An Post na forálacha cuí de chuid na Rialachán agus na Treorach don bhliain chuntasaíochta dar tús an 1 Eanáir, 2006.

Taifid Airgeadais agus Córais Chuntasaíochta

Tá an méid sonraí atá riachtanach faoin Treoir, sna taifid airgeadais agus sna córais chuntasaíochta atá á gcothabháil ag An Post lena chur ar chumas na bainistíochta a chinntiú go gcomhlíonfaidh siad forálacha cuntasaíochta de chuid na Rialachán. Ta cuntais ar leithligh á gcothabháil do gach ceann de na seirbhísí laistigh den earnáil fhorchoimeádta agus den earnáil neamhfhorchoimeádta.

Cuntais Dheighilte

Tá cuntais bhrabúis agus caillteanais agus ráitis ar ghlansócmhainní á n-ullmhú le cur faoi bhráid ComReg don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2006 laistigh den spriocdháta sonraithe de 19 seachtaine ó dheireadh na bliana airgeadais.

Lámhleabhar Cuntasaíochta Bainistíochta

Ullmhaíodh lámhleabhar mionsonraithe cuntasaíochta a léiríonn an raon agus an scóip sonraí atá le bailiú chun críche na Rialachán agus na Treorach a chomhlíonadh, agus an bunús a mbeidh na sonraí á leithdháileadh/ leithroinnt ar sheirbhísí. Cuireadh lámhleabhar athbhreithnithe faoi bhráid ComReg i 2006.

Léiríonn an lámhleabhar cinneadh sonraithe ioncaim agus leithroinnt costas agus prionsabail agus rialacha leithdháileadh atá leagtha amach sna Rialacháin agus sa Treoir.

Ráiteas Comhlíonta

Creideann na stiúrthóirí, bunaithe ar na céimeanna agus na gníomhartha thuas, gur chomhlíon An Post forálacha cuí na Rialachán agus Treoir ComReg a bhaineann le Córais Chuntasaíochta An Post don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2006.

Thar ceann an Bhoird

Margaret McGinley *Cathaoirleach*

Donal Connell *Stiúrthóir*

22 Márta, 2007

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na stiúrthóirí freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú, de réir dlí agus rialachán infheidhme.

Ceanglaíonn dlí Cuideachtaí ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na máthairChuideachta a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoin dlí sin thogha na stiúrthóirí go n-ullmhódh siad ráitis airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta de réir Chleachtas Cuntasaíochta Inghlactha go Ginearálta in Éirinn, atá comhdhéanta de dhlí infheidhme agus na caighdeáin chuntasaíochta arna eisiúint ag an mBord Caighdeán Cuntasaíochta agus atá fógartha ag an Institiúid Cuntasóirí Cairte in Éirinn.

Ceanglaíonn an dlí go mbeadh ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na máthairchuideachta á n-ullmhú chun léargas fíor agus cothrom a thabhairt ar staid chúrsaí an Ghrúpa agus na máthairchuideachta agus ar bhrabús agus caillteanas na an Ghrúpa don tréimhse sin.

Agus ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na máthairchuideachta á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Grúpa i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go mbíonn na ráitis airgeadais ag cloí le hAchtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2006. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus as sin, céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath

Tá na stiúrthóirí freagrach freisin as Tuarascáil na Stiúrthóirí a ullmhú a chomhlíonann ceanglais Achtanna na gCuideachtaí,1963 go dtí 2006.

Tá na stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise airgeadais agus corparáidí atá ar láithreán gréasáin na Cuideachta. D'fhéadfadh go bhfuil reachtaíocht i bPoblacht na hÉireann a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais éagsúil ó reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann an Bhoird

Margaret McGinley
Cathaoirleach

Donal Connell
Stiúrthóir

22 Márta, 2007

Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig Comhaltaí An Post

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais ghrúpa agus máthairchuideachta (na 'ráitis airgeadais') An Post don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2006 atá comhdheánta den Chuntas Brabúis agus Caillteanais Comhdhlúite, Clár Comhardaithe Comhdhlúite agus Clár Comhardaithe na Cuideachta, Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid agus Ráiteas Comhdhlúite de na Gnóthachain agus Caillteanais Iomlána Aitheanta agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi na beartais chuntasaíochta atá ann.

Tá an tuarascáil seo ullmhaithe do chomhaltaí na Cuideachta, agus dóibhsean amháin, mar chomhlacht de réir alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990. Chuathas i mbun ár gcuid oibre iniúchta ionas go bhféadfaimis na nithe ar gá dúinn a lua do chomhaltaí na Cuideachta i dtuarascáil iniúchóirí a lua agus ní chun críche ar bith eile. Chomh fada agus atá ceadaithe le dlí, ní ghlacaimid agus ní ghabhaimid freagracht orainn féin maidir le haon duine seachas an Chuideachta agus comhaltaí na Cuideachta mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchta, don tuarascáil seo agus do na tuairimí atá déanta againn.

Freagrachtaí Faoi Seach na Stiúrthóirí agus na nIniúchóirí

Tá freagrachtaí na stiúrthóirí as an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlí infheidhme agus na caighdeáin chuntasaíochta arna eisiúint ag an mBord Caighdeán Cuntasaíochta agus atá fógartha ag an Institiúid Cuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta Inghlactha go Ginearálta in Éirinn), leagtha amach i Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí ar leathanach 41.

Is é ár bhfreagracht iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir cheanglais dlí agus rialacháin chuí agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscímid ár dtuairim cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir Chleachtas Cuntasaíochta Inghlactha go Ginearálta in Éirinn agus cibé an bhfuil siad ullmhaithe go cuí de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2006, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachtaí: Grúpchuntais), 1992. Tuairiscímid freisin cibé inár dtuairim: an bhfuil leabhair chuntais chearta coinnithe ag an gcuideachta, ag dáta an chláir chomhardaithe, ar ann do staid airgeadais a éilíonn cruinniú ginearálta urghnách den chuideachta a thionól; agus cibé an bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dTuarascáil na Stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais. Sa bhreis air sin, luaimid cibé an bhfuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad atá riachtanach chun críocha ár n-iniúchta agus cibé an dtagann ráiteas airgeadais na cuideachta leis na leabhair chuntais.

Tuairiscímid freisin, mura dtugtar, inár dtuairim féin, aon fhaisnéis atá sonraithe le dlí maidir le luach saothair na stiúrthóirí agus idirbhearta na stiúrthóirí leis an nGrúpa.

Athbhreithneoimid, ar iarraidh ó na stiúrthóirí, cibé (1) an léiríonn an ráiteas deonach Rialachas Corparáideach ar leathanaigh 32 go 39 gur chomhlíon an Grúpa na naoi gcinn d'fhorálacha i gComhchód FRC 2003 a shonraíonn Stocmhalartán na hÉireann d'athbhreithniú iniúchóirí agus (2) an léiríonn an ráiteas den chóras rialaithe inmheánaigh ar leathanaigh 34 agus 35 gur chomhlíon an grúpa foráil an Chóid Dea-Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit a shonraítear le haghaidh athbhreithniú iniúchóirí agus tuairiscímid mura léiríonn na ráitis sin. Níl orainn a bhreithniú an gclúdaíonn ráitis an Bhoird ar rialú inmheánach na rioscaí agus na rialuithe ar fad, nó a theacht ar thuairim maidir le héifeachtacht nósanna imeachta rialachais chorparáidigh an Ghrúpa nó a nósanna imeachta maidir le rioscaí agus rialú.

Léimid an fhaisnéis eile atá sa tuarascáil bhliantúil agus breithnimid an bhfuil sé comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais iniúchta. Níl i gceist leis an bhfaisnéis eile sin ach Tuarascáil na Stiúrthóirí, Ráiteas an Chathaoirligh, An tAthbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh, Athbreithniú Airgeadais, An Ráiteas maidir le Rialachas Corparáideach agus an Achoimre Airgeadais Cúig Bhliana. Breithnimid na himpleachtaí dár dtuarascáil má thagaimid ar aon fhaisnéis maidir le mí-ráitis nó neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais. Ní shíneann ár bhfreagrachtaí chuig aon fhaisnéis eile.

Bunús na Tuairime

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta. Áirítear in iniúchadh fianaise a bhaineann leis na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais a scrúdú ar bhonn tástála. Áirítear ann freisin, measúnú ar na meastacháin agus breithiúnais shuntasacha a rinne na stiúrthóirí agus iad ag ullmhú na ráiteas airgeadais agus cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca an Ghrúpa, ar cuireadh i bhfeidhm go seasta iad, agus an bhfuil faisnéisiú dóthanach tugtha fúthu orthu.

Phleanálamar agus rinneamar ár n-iniúchadh chun an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a fháil a mheasamar a bheith riachtanach chun dóthain fianaise a chur ar fáil dúinn chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó mírialtachta eile nó earráide. Agus sinn ag teacht ar ár dtuairim, rinneamar meastóireacht ar leordhóthanacht fhoriomlán thíolacadh na faisnéise sna ráitis airgeadais.

Tuairim

Is é ár dtuairim go dtugann na ráitis airgeadais:

- léargas fíor agus cothrom, de réir Chleachtas Cuntasaíochta Inghlactha go Ginearálta in Éirinn, ar staid chúrsaí an Ghrúpa agus na Cuideachta amhail an 31ú Nollaig, 2006 agus ar bhrabús an Ghrúpa don bhliain dar chríoch amhlaidh; agus

- agus gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais go cuí de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2006 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachtaí : Grúpchuntais), 1992.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta faighte againn. Is é ár dtuairim, go bhfuil tuairisceán cuí dóthanach dár n-iniúchadh faighte againn ó bhrainsí na Cuideachta nár thugamar cuairt orthu. Is é ár dtuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí coimeádta ag an gCuideachta agus go bhfuil clár comhardaithe na Cuideachta amhail an 31 Nollaig 2006 ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ar leathanaigh 28 go dtí 31 ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig Comhaltaí An Post ar leanúint

Tá luach ghlansócmhainní na Cuideachta, mar a luaitear sa chlár comhardaithe ar leathanach 53 níos mó ná leath a scairchaipitil glaoite agus, in ár dtuairim, ar an mbunús sin ní raibh staid airgeadais ann an 31 Nollaig 2006, a d'éileodh, faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983, cruinniú ginearálta urghnách den Chuideachta a thionól.

KPMG

Cuntasóirí Cairte
Iniúchóir Cláraithe

1 Plás Stokes
Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

22 Márta, 2007

Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha chuig An Post

ar chomhlíonadh Rialachán na gComhphobal Eorpach (Seirbhísí Poist) 2002 (na Rialacháin) maidir le córais costchuntasaíochta agus Treoir an Rialtóra

Chomh maith lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, d'athbhreithníomar ráiteas na stiúrthóirí ar leathanach 40 a bhaineann le comhlíonadh na Cuideachta, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2006, d'fhorálacha cuntasaíochta na Rialachán agus na treorach a tugadh do An Post a leag amach mionriachtanais an Rialtóra i ndáil le córais chuntasaíochta An Post (an Treoir) arna n-eisiúint ag an rialtóir seirbhísí poist, ComReg, an 20 Meán Fómhair, 2001, i ndáil le córais chuntasaíochta An Post.

Freagrachtaí Faoi Seach na Stiúrthóirí agus na nIniúchóirí

Ullmhaíonn na stiúrthóirí ráiteas bliantúil de chomhlíonadh fóralacha cuntasaíochta na Rialachán agus na Treorach as a bhfuil siad freagrach. Is é cuspóir ár n-athbhreithniú aird a tharraingt ar neamhchomhlíonadh riachtanas fhorálacha cuntasaíochta na Rialachán agus na Treorach. Ní ionann ár n-athbhreithniú agus iniúchadh ar na cuntais dheighilte.

Bunús na Tuairime

Rinneamar ár n-athbhreithniú de réir phrionsabail ghinearálta agus treoir an Bhoird um Chleachtais Iniúchtóireachta.

Tuairim

Is é ár dtuairim, bunaithe ar fhiosrúchán stiúrthóirí agus oifigigh faoi leith na Cuideachta agus ar cháipéisí chuí a scrúdú, go léiríonn ráiteas na stiúrthóirí ar leathanach 40, go cuí, gur chomhlíon an Chuideachta forálacha cuntasaíochta na Rialachán agus Treorach ar Chórais Chuntasaíochta An Post, arna n-eisiúint an 20 Meán Fómhair 2001 ag ComReg, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2006.

KPMG

Cuntasóirí Cairte

1 Plás Stokes
Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

22 Márta, 2007

Beartais Chuntasaíochta

Feidhmíodh na beartais chuntasaíochta seo a leanas go comhsheasmhach nuair a bhíothas ag déileáil le hitímí a measadh a bheith ábhartha do ráitis airgeadais an Ghrúpa.

1. Bunús an Ullmhúcháin

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoin gcoinbhinsiún chostas stairiúil de réir dlí infheidhme agus Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh go Ginearálta leo in Éirinn agus ar a áirítear orthu comhlíonadh chaighdeáin tuairiscithe airgeadais Bhord um Chaighdeáin Chuntasaíochta arna bhfógairt in Éirinn ag Institiúid Chuntasóirí Cairte na hÉireann.

2. Bunús an Chomhdhlúthaithe

Áirítear ráitis airgeadais na Cuideachta agus a foghnóthais (ach amháin Cuideachta Chrannchur Náisiúnta An Post) ar na ráitis airgeadais comhdhlúite suas go deireadh na bliana airgeadais. Áirítear torthaí na bhfoghnóthas a fuarthas nó a bhí diúscartha i rith na bliana ar an gcuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite ón dáta a fuarthas iad nó suas go dtí an dáta diúscartha. Nuair a fhaightear gnó, cuirtear luach cothrom ar na glansócmhainní a fuarthas, ar féidir iad a aithint. Déileáiltear le cáilmheas ar éadálacha mar atá leagtha amach thíos.

Má chríochnaíonn bliain airgeadais an fhoghnóthais ag dáta de bhreis agus trí mhí roimh chríoch bhliain airgeadais na máthairchuideachta, beidh ráitis airgeadais eatramhacha arna n-ullmhú ag an bhfochuideachta comhdhlúite i ráitis airgeadais an Ghrúpa ag deireadh bhliain airgeadais na máthairchuideachta.

Is í an t-aon ghníomhaíocht de chuid Cuideachta Chrannchur Náisiúnta An Post an Crannchur Náisiúnta a fheidhmiú faoi cheadúnas an Aire Airgeadais de réir fhorálacha an Achta um Chrannchur Náisiúnta, 1986 agus beidh an barrachas a ghinfear gach bliain inchurtha go hiomlán i leith Ciste an Chrannchuir Náisiúnta atá faoi bhainistíocht agus rialú an Aire. Dá réir sin, ní bhíonn baint ag An Post leis an mbarrachas a bhíonn ginte ag Cuideachta Chrannchur Náisiúnta agus freisin níl An Post i dteideal aon chearta ar shócmhainní na cuideachta sin. Ar an mbunús sin, de réir fhorálacha an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais Uimh. 2 'Cuntasaíocht d'Fhoghnóthais', agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachtaí: Grúpchuntais), 1992, ní bheidh ráitis airgeadais Chuideachta Chrannchur Náisiúnta istigh leis na ráitis airgeadais comhdhlúite. Foilsíodh ráitis airgeadais ar leithligh Chuideachta Chrannchur Náisiúnta an 8 Márta, 2007.

Is iad gnóthais chomhfhiontair (comhfhiontair) na gnóthais sin a bheidh á rialú ag an nGrúpa i gcomhar le páirtí eile.

Is iad gnóthais chomhlachais (comhlachais) na gnóthais sin a mbeidh leas rannpháirtíochta ag an nGrúpa sa chaipiteal cothromais agus a mbeidh tionchar suntasach ag an nGrúpa air.

Tugtar cuntas i gcomhfhiontair agus fiontair chomhlachais ag úsáid modh an ollchothromais agus an modh cothromais faoi seach. Áirítear sciar an Ghrúpa den bhrabús lúide caillteanais na gcomhfhiontar agus na bhfiontar comhlachais sa chuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite. Áirítear leasanna an Ghrúpa ina nglansócmhainní nó ina nglandhliteanais mar infheistíochtaí sócmhainní dochta sa chlár comhardaithe comhdhlúite le méid a léiríonn sciar an Ghrúpa de luachanna cóir na nglansócmhainní nuair a fuarthas iad móide sciar den bhrabús nó den chaillteanas coinnithe tar éis a bhfáil.

3. Láimhdeachas

Aithnítear láimhdeachas mar sheirbhísí atáthar ag soláthar agus atá comhdhéanta d'ioncam as postas, seirbhísí gníomhaireachta, na táillí as seirbhísí seoltán, seirbhísí teachtairí agus seirbhísí loighistice, seirbhísí comhairleoireachta, seirbhísí airgeadais, cíosanna agus ioncam as ús. Faightear ioncam as seirbhísí gníomhaireachta i ndáil le seirbhísí a sholáthar do Ranna Rialtais, do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, do Chuideachta Chrannchur Náisiúnta An Post agus do chomhlachtaí eile. Tá méideanna a shealbhaítear i bhfeidhmiú na seirbhísí ghíomhaireachta sin san áireamh i méideanna a shealbhaítear in iontaobhas in airgead tirim sa bhanc agus ar láimh.

Aithnítear ioncam as postas sa chuntas brabúis agus caillteanais mar a dhéantar díolacháin le coigeartú stampaí a díoladh agus stampaí nár baineadh úsáid astu agus iarmhéideanna sna measíní postmhéadair nach bhfuil ídithe ag deireadh na bliana.

4. Seirbhísí Coigiltis

Feidhmíonn an Chuideachta Banc Taisce An Phost agus seirbhísí eile coigiltis do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, a fheidhmíonn thar cheann an Aire Airgeadais, ar bhonn ghníomhaireachta agus ar luach saothair comhaontaithe.

Seoltar na cistí chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta go rialta. Tá sócmhainní agus dliteanais seirbhísí coigiltis den sórt sin dílsithe don Aire Airgeadais agus, dá réir sin ní áirítear iad sna ráitis airgeadais seo.

5. Deontais

Déantar na deontais bunaithe ar ioncam a chreidiúnú chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais chun an caillteanas a fhreagraíonn dóibh a fhritháireamh.

Aithnítear na deontais chaipitil a fhaightear agus atá infhaighte faoi scéimeanna AE chuidithe nuair a fhaightear iad nó nuair atáthar beagnach cinnte go bhfuil siad ag teacht

Déileáiltear le deontais chaipitil mar ioncam iarchurtha agus amúchtar iad chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar bhonn atá comhsheasmhach le beartas dímheasa na sócmhainní dochta inláimhsithe gaolmhara.

6. Sócmhainní Dochta Inláimhsithe

Luaitear sócmhainní dochta inláimhsithe mar a gcostas lúide dímheas carntha.

Cuirtear caiteachas ar threalamh slándála faoi leith i bhfo-oifigí poist agus ar throscán agus ar fheisteas chomh maith le mionitímí eile de mhuirear ar chuntas brabúis agus caillteanais na bliana a ndéantar an chaiteachais. Caipitlítear gach ceannachán eile de shócmhainní dochta inláimhsithe.

Níl talamh ruílse ná talamh léasachta faoi réir dímheasa. Cuirtear dímheas ar shócmhainní dochta inláimhsithe eile de mhuirear ar an gcuntas brabúis agus caillteanais ar bhonn dronlíneach chun na sócmhainní sin atá coigeartaithe le haghaidh luach iarmharach maidir le hionchas marthana úsáideach measta gach catagóra a dhíscríobh. Athbhreithnítear fuíoll ionchais marthana úsáideach na sócmhainní agus a luachanna iarmharaigh ar bhonn rialta.

Beartais Chuntasaíochta ar leanúint

6. Sócmhainní Dochta Inláimhsithe (ar leanúint)

Bíonn éifeacht le dímheas ar bhreiseanna ón gcéad lá den mhí tar éis iad a choimisiúnú agus ar dhiúscairtí suas go dtí deireadh na míosa a scoirtear iad.

Seo a leanas na hionchais mharthana measta:

	Blianta
Foirgnimh ruílse agus foirgnimh léasachta	20 - 50
Leas in Ard-Oifig an Phoist	50
Mótarfheithiclí	5
Trealamh ríomhaireachta & eile	3 - 10

7. Léasanna Oibriúcháin

Cuirtear léaschíosanna oibriúcháin de mhuirear ar an gcuntas brabúis agus caillteanais ar bhonn dronlíneach thar théarma an léasa.

8. Cáilmheas

Caipitlítear agus amúchtar cáilmheas ar éadálacha a léiríonn farasbarr den phraghas ceannaigh ar luach chóir na nglansócmhainní nó na nglandliteanais inaitheanta a fuarthas, chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar bhonn dronlíneach thar a ionchas marthana usáideach de dheich mbliana. Athbhreithnítear luach iompair cáilmheasa go bliantúil agus foráiltear d'aon lagú i luach. Ar dhiúscairt gnó, cuirtear aon cháilmheas san áireamh ar bhreithniú brabús nó caillteanas dhíolachán an ghnó.

9. Cánachas

Soláthraítear cáin reatha lena n-áirítear cáin chorparáide na hÉireann agus cáin(cánacha) coigríche ar bhrabúis incháinithe, mar mhéideanna a mheastar a íocfar (nó a bheidh aisghafa) agus na rátaí cánach agus na dlíthe atá achtaithe nó achtaithe a ndóthain faoi dháta an chláir chomhardithe.

Tugtar aitheantas do cháin iarchurtha i leith gach difríocht uainiúcháin a tháinig chun cinn ach nach bhfuil aisiompaithe faoi dháta an chláir chomhardithe. Foráiltear dó sin ag na rátaí a mheastar a bheidh infheidhme nuair a aisiompófar na difríochtaí uainiúcháin. Is éard is difríochtaí uainiúcháin ann ná difríochtaí idir brabúis incháinithe an Ghrúpa agus torthaí an Ghrúpa, mar a luaitear sna ráitis airgeadais, a eascraíonn as gnóthachain agus caillteanais a chuimsiú i mbrabúis incháinithe le linn thréimhsí eile seachas na tréimhsí a dtugtar aitheantas dóibh sna ráitis airgeadais.

Feictear glansócmhainn chánach iarchurtha mar cheann in-aisghabhála agus ní thugtar aitheantas di dá bhrí sin, ach amháin nuair a fhéadfar a fheiceáil, ar bhonn na fianaise ar fad a bheidh ar fáil, gur dóigh go mbeidh brabúis incháinithe chuí ar fáil a mbeifear in ann aisiompú na mbundifríochtaí uainiúcháin amach anseo a bhaint astu.

Tugtar aitheantas do cháin iarchurtha i leith tuilleamh coimeádta de chuid fochuideachtaí, comhfhiontair agus comhlachais thar lear chomh fada agus go bhfuil díbhinní fabhraithe nó infhaighte nó go bhfuil comhaontú ceangailteach déanta ag an bhfochuideachta, an comhfhiontar nó an fiontar comhlachais seanghnóthacháin a dháileadh amach anseo faoi dháta an chláir chomhardaithe.

10. Pinsin

Cuireann an grúpa pinsin ar fáil dá chuid fostaithe faoi scéimeanna aoisliúntais sochair sainmhínithe agus scéim ranníoca sainmhínithe. Beidh aiscí scoir iníoctha do mháistrí poist a bheidh ag obair mar ghníomhairí agus do roinnt fostaithe neamh-inphinsin faoi ghnáth imthosca.

I ndáil leis an scéim ranníoca sainmhínithe, bíonn ranníoca fabhraithe agus aitheanta i mbrabús nó caillteanas oibriúcháin sa tréimhse a ghnóthaíonn na fostaithe cuí iad.

Maidir leis na scéimeanna sochair sainmhínithe, nochtaítear an difríocht idir luach margaidh shócmhainní na scéime agus luach reatha dhliteanais na scéime measúnaithe achtúire, a bhíonn ríofa ag úsáid modh creidmheasa aonaid fortheilgthe, mar shócmhainn/dhliteanas sa chlár comhardaithe, glan ó cháin iarchurtha (chomh fada agus a meastar iad a bheith in-aisghabhála).

Is é an méid a ghearrtar ar bhrabús oibriúcháin chostas measúnaithe achtúire na sochair pinsin a bhíonn geallta d'fhostaithe a bhíonn gnóthaithe i rith na bliana móide aon fheabhsúcháin sochair a bhíonn deonaithe do chomhaltaí i rith na bliana.

Léirítear an aischur ionchais ar shócmhainní na scéime pinsin i rith na bliana agus an t-ardú i ndliteanais na scéime a bhíonn dlite de bharr deireadh na lascaine i rith na bliana mar chostais airgeadais sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Aithnítear aon difríocht idir aischur ionchais ar shócmhainní agus an méid a fuarthas i ndáiríre agus aon athruithe ar dhliteanais de bharr athruithe i mbonn tuisceana nó de bharr go raibh taithí iarbhíre i rith na bliana difriúil don méid a glacadh leis, mar ghnóthachain agus caillteanais achtúireach sa ráiteas de ghnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána.

I ndáil leis an dliteanas neamhmhaoinithe maidir le haiscí scoir, déantar luach reatha an dliteanais measúnaithe achtúire a thaifeadadh in iomlán sa chlár comhardaithe agus méadaítear é do chostas shochair bhreise a ghnóthaítear an bhliain a ghearrtar ar an mbrabús oibriúcháin. Léirítear deireadh na lascaine ar an dliteanas mar chostas airgeadais sa chuntas brabúis agus caillteanais. Breithnítear athruithe ar dhliteanas mar thoradh ar athruithe i mbonn tuisceana tomhais nó de bharr go bhfuil taithí iarbhíre difriúil don méid a glacadh leis a bheith mar ghnóthachan nó caillteanas achtúireach agus áirítear iad sa chuntas de ghnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána.

11. Airgeadraí Coigríche

Déantar idirbhearta a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche a aistriú go euro ag an ráta a bhíonn i bhfeidhm ag dátaí na n-idirbhearta. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche go dtí euro ag an ráta malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe nó ag rátaí conartha réamhcheannacháin más infheidhme. Déileáiltear le difríochtaí malartaithe sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Aistrítear torthaí de chuid fochuideachtaí thar lear go euro ag an meánráta malartaithe don tréimhse sin. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais de chuid fochuideachtaí thar lear go euro ag na rátaí malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe. Tuairiscítear na difríochtaí aistrithe mar ghluaiseacht ar chúlchistí.

Cuntas Brabúis agus Caillteanais Comhdhlúite

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2006

	Nótaí	2006 €'000	Eisceachtúil 2006 €'000	Iomlán 2006 €'000	2005 €'000
Láimhdeachas – oibríochtaí leanúnacha	2	**818,827**	**-**	**818,827**	752,887
Costais oibriúcháin	3	**(804,162)**	**(20,040)**	**(824,202)**	(736,690)
Brabús/(caillteanas) oibriúcháin – oibríochtaí leanúnacha		**14,665**	**(20,040)**	**(5,375)**	16,197
Míreanna Eisceachtúla – oibríochtaí leanúnacha					
– Brabús glan ar dhíolachán shócmhainní	4			**94,700**	59,323
– Costais chomhfhiontair na seirbhísí airgeadais a bhunú	4			**(13,883)**	-
– Costas athstruchtúrú bunúsach	4			**-**	(40,000)
Ioncam airgeadais eile (glan)	18			**21,123**	5,391
Brabús ar ghnáth ghníomhaíochtaí roimh cánachas	5			**96,565**	40,911
Cáin ar bhrabús ghnáth gníomhaíochtaí	6			**(20,900)**	(201)
Brabús don bhliain airgeadais	7/20			**75,665**	40,710

Thar ceann an Bhoird

Margaret McGinley
Caothairleach

Donal Connell
Stiúrthóir

Ráiteas Comhdhlúite ar na Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2006

	Nótaí	2006 €'000	2005 €'000
Brabús don bhliain airgeadais		**75,665**	40,710
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ar phleananna iar-fhostaíochta an Post aithnithe	18	**118,179**	(1,786)
Gnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána		**193,844**	38,924

Clár Comhardaithe Comhdhlúite

amhail 31 Nollaig, 2006

	Nótaí	2006 €'000	2005 €'000
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní doláimhsithe – dea thoill	9	**7,935**	12,138
Sócmhainní Inláimhsithe	10	**188,262**	204,137
Sócmhainní Airgeadais	11	**-**	-
		196,197	216,275
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe	12	**89,446**	79,434
Airgead sa bhanc agus ar láimh	13	**295,049**	185,344
		384,495	264,778
Creidiúnaithe: Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	14	**(179,461)**	(148,875)
Glan Sócmhainní Reatha		**205,034**	115,903
Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha		**401,231**	332,178
Creidiúnaithe: Méideanna a bheidh dlite tar éis níos mó na bliain amháin	16	**(3,971)**	(4,073)
Soláthair do Dhliteanais	17	**(78,702)**	(88,847)
Glan Sócmhainní gan Dliteanais Phinsin san áireamh		**318,558**	239,258
Dliteanas Pinsin	18	**(193,226)**	(307,770)
Glan Sócmhainní/(Dliteanais) le Dliteanas Pinsin san áireamh		**125,332**	(68,512)
Caipiteal agus Cúlchistí			
Scairchaipiteal Glaoite	19	**68,239**	68,239
Cúlchiste aistrithe caipitil	19	**877**	877
Cuntas Brabúis agus Caillteanais	20	**56,216**	(137,628)
Cistí/(Easnamh) na Scairshealbhóirí	21	**125,332**	(68,512)

Thar ceann an Bhoird

Margaret McGinley
Cathaoirleach

Donal Connell
Stiúrthóir

Clár Comhardaithe na Cuideachta

amhail 31 Nollaig, 2006

	Nótaí	2006 €'000	2005 €'000
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Inláimhsithe	10	**170,934**	186,046
Sócmhainní airgeadais	11	**11,431**	13,531
		182,365	199,577
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe	12	**90,572**	83,187
Airgead sa bhanc agus ar láimh	13	**269,527**	165,057
		360,099	248,244
Creidiúnaithe: Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	14	**(221,021)**	(189,411)
Glan-Sócmhainní Reatha		**139,078**	58,833
Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha		**321,443**	258,410
Creidiúnaithe: Méideanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin	16	**(2,912)**	(2,985)
Soláthair do Dhliteanais	17	**(78,702)**	(88,847)
Glan-Sócmhainní gan Dliteanas Pinsin san áireamh		**239,829**	166,578
Dliteanas Pinsin	18	**(193,226)**	(307,770)
Glan-Sócmhainní/(Dliteanais) le Dliteanas Pinsin san áireamh		**46,603**	(141,192)
Caipiteal agus Cúlchistí			
Scairchaipiteal glaoite	19	**68,239**	68,239
Cúlchiste aistrithe caipitil	19	**877**	877
Cuntas Brabúis agus Caillteanais	20	**(22,513)**	(210,308)
Cistí/(Easnamh) na Scairshealbhóirí	21	**46,603**	(141,192)

Thar ceann an bhoird

Margaret McGinley
Cathaoirleach

Donal Connell
Stiúrthóir

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid Comhdhlúite

don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2006

	Nótaí	2006 €'000	2005 €'000
Glan insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin (thíos)		**37,082**	40,888
Aisíoc ar infheistíochtaí agus seirbhísiú airgeadais	22	**(5)**	(56)
Cánachas	22	**(17,001)**	132
Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais	22	**93,002**	(9,242)
Éadálacha agus Diúscairtí	22	**(3,373)**	75,957
Insrebhadh Airgid roimh úsáid na hacmhainní leachtacha		**109,705**	107,679
Bainistiú acmhainní leachtacha	22	**(60,029)**	(84,442)
Ardú ar airgead tirim sa bhliain		**49,676**	23,237

Réiteach brabúis oibriúcháin roimh mír eisceachtúil le glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

	2006 €'000	2005 €'000
Brabús oibríochta roimh mhír eisceachtúil	**14,665**	16,197
Dámhachtainí pá aisbhreathnaitheacha	**(20,040)**	-
Dímheas	**21,630**	27,067
Brabús ar dhíolachán sócmhainní seasta inláimhsithe seachas talamh agus foirgnimh	**(145)**	(185)
Gluaiseacht i soláthair d'athstruchtúrú gnó	**(10,145)**	(20,815)
Costas pinsin nach airgead é	**24,758**	12,840
Deontais Chaiptil amúchta	**(102)**	(102)
Costais chomhfhiontair na seirbhísí airgeadais a bhunú	**(7,322)**	(4,561)
Cáilmheas amúchta/lagaithe	**4,203**	2,263
Ús iníoctha	**5**	56
(Méadú) ar fheichiúnaithe oibríochta	**(13,023)**	(6,112)
Méadú ar chreidiúnaithe oibríochta	**22,598**	14,240
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	**37,082**	40,888

Réiteach glansreabhadh airgid le gluaiseacht i nglanchistí

	Nótaí	2006 €'000	2005 €'000
Méadú ar airgead sa bhliain	23	**49,676**	23,237
Insreabhadh airgid ó athrú in acmhainní leachtacha	23	**60,029**	84,442
Athrú i nglan chistí de bharr sreabhadh airgid	23	**109,705**	107,679
Airgead as fochuideachtaí a díoladh	23	**-**	(11,750)
Glan-chistí ag tús na bliana	23	**185,344**	89,415
Glan-chistí ag deireadh na bliana	23	**295,049**	185,344

Nótaí leis na Ráitis Airgeadis

don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2006

1. Stádas na Cuideachta

Is cuideachta dliteanais teoranta í an Chuideachta, ionchorpraithe faoi Achtanna na gCuideachtaí , 1963 go 2006. Tá an Chuideachta i dteideal an focal 'Teoranta' a fhágáil ar lár ina hainm faoi Acht na Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide 1983.

2. Láimhdeachas

	2006 €'000	2005 €'000
Tá anailís déantar an an láimhdeachas mar seo a leanas:		
Poblacht na hÉireann		
Postas: Litreacha agus beartáin	**594,309**	543,411
Postas: Toghacháin agus reifrinn	**-**	691
Oifigí Poist: Gníomhaireacht, seoltán agus seirbhísí eile	**144,230**	135,963
Seirbhísí Eile	**44,848**	44,141
Ioncam Úis	**9,548**	5,259
	792,935	729,465
An Ríocht Aontaithe agus Tíortha eile san Eoraip		
Seirbhísí Eile	**25,892**	23,422
	818,827	752,887

Dar leis na stiúrthóirí, dhéanfaí dochar mór do leasanna an Ghrúpa dá gcomhlíonfaí ceanglais nochtaithe SSAP 25 'Tuairisciú Teascánach' níos mó fós.

3. Costais Oibriúcháin

	2006 €'000	2005 €'000
Costais foirne agus máistrí poist roimh mír eisceachtúil	**558,080**	514,105
Mír eisceachtúil – dámhachtainí pá aisbhreathnaitheacha (nóta 4)	**20,040**	-
Iomlán (nóta 8)	**578,120**	514,105
Costais eile:		
Dáileadh	**73,044**	62,647
Cóiríocht	**31,477**	24,648
Oibriúchán	**77,179**	72,321
Riarachán	**38,549**	33,639
Dímheas, amúchadh & cáilmheas lagaithe	**25,833**	29,330
	824,202	736,690

Nótaí leis na Ráitis Airgeadis ar leanúint

4. Míreanna Eisceachtúla

	2006 €'000	2005 €'000
Dámhachtainí pá aisbhreathnaitheacha	**20,040**	-
Brabús ar dhíolachán fochuideachtaí	**1,177**	59,323
Brabús ar dhíolachán sócmhainní seasta	**93,523**	-
Brabús glan ar dhíolachaí shócmhainní	**94,700**	59,323
Costais chomhfhiontair na seirbhísí airgeadais a bhunú	**(13,883)**	-
Costas athstruchtúrú bunúsach	**-**	(40,000)

Dámhachtainí Pá Aisbhreathnaitheacha
I mí Dheireadh Fómhair 2006, shocraigh an Chuideachta dámhachtainí pá aisbhreathnaitheach dlite a íoc leis an bhfoireann, a mhol an Chúirt Oibreachais go raibh a n-íocaíocht ag brath ar an gCuideachta a mbrabús a bheith réasúnta agus inbhuanaithe agus mar a cheadófaí di trína imthosca airgeadais agus tráchtála. B'ionann suim na n-íocaíochtaí aisbhreathnaitheacha seo a bhí san áireamh i dtoradh oibriúcháin na bliana agus €20,040,000.

Brabús ar fhochuideachtaí a dhíol
An 15 Márta, 2005, dhíol an Grúpa a fhochuideachtaí PostTS UK. Limited agus An Post Transaction Services S.A. ar chomaoin de €82,700,000 glan ó chostais idirbhearta agus bhí brabús de €59,323,000 mar thoradh ar sin. Fuarthas suim bhreise de €1,177,000 glan ó tháillí gaolmhara tar éis saincheisteanna barrántais chonartha a réiteach. Aithníodh an tsuim sin i rith na bliana dár críoch 31 Nollaig, 2006.

Brabús ar dhíol shócmhainní seasta
I rith na bliana, rinne an Grúpa former parcels depot ar Bhóthar Nás na Rí, i mBaile Átha Cliath a dhiúscairt ar chomaoin de €107,000,000 agus bhí brabús roimh cháin de €93,523,000 mar thoradh ar sin. Íocadh Cáin Ghnóthachain Chaipitil de €16,800,000 i rith na bliana i leith an diúscartha sin.

Costais bhunaithe comhfhiontair Sheirbhísí Airgeadais
I mí Dheireadh Fómhair 2006, chuaigh an Chuideachta i mbun comhaontaithe le Fortis chun cuideachta comhfhiontair a sholáthar chun seirbhísí bainc a chur ar fáil do mhargadh na hÉireann. Creideann na stiúrthóirí gur athstruchtúrú bunúsach ar ghnó na Cuideachta é sin. Faoi théarmaí an chomhaontaithe, beidh ranníoc An Post comhdhéanta dá ghnólachtaí Postpoint agus An Post Direct Limited nuair a chomhlíonfar coinníollacha áirithe. Táthar ag súil go mbunófar an comhfhiontar i 2007.

B'ionann costais a thabhaigh An Post i ndáil leis an bpróiseas comhpháirtí comhfhiontair a aithint agus a roghnú, idirbheartaíochtaí agus síniú an chomhaontaithe ina dhiaidh sin agus €13,883,000.

5. Brabús ar Ghnáthghníomhaíochtaí Roimh Chánachas

	2006 €'000	2005 €'000
Luaitear an brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas tar éis a mhuirir:		
Díolaíochtaí na stiúrthóirí		
Táillí	**278**	213
Díolaíochtaí eile	**396**	338
Rannóca Pinsin	**69**	65
Luach saothair na n-Iniúchóirí	**300**	287
Dímheas	**21,630**	27,067
Amúchadh/Lagú cáilmheasa	**4,203**	2,263
Léaschíosanna atá ag oibriú:		
Foirgnimh ar chíos	**7,312**	7,442
Eile – trealamh agus mótarfheithiclí	**4,853**	3,363
Ús iníoctha ar shaoráidí bainc iníoctha laistigh de bhliain amháin agus muirir chomhchosúla	**5**	56
Agus tar éis creidiúnaithe:		
Deontais chaipitil amúchta	**102**	102

Ní áirítear ar na méideanna atá taispeáinte thuas mar dhíolaíochtaí stiúrthóirí ach amháin na méideanna a íoctar le stiúrthóirí i bhfeidhmiú a ndualgas mar stiúrthóirí agus tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh, ar stiúrthóir é freisin. Seachas sin, ní chuirtear tuarastail na stiúrthóirí fostaithe agus máistrí poist san áireamh.

Ba mar seo a leanas a bhí pacáiste luach saothair an Uasail Donal Curtin a scor óna phost mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an 13 Iúil, 2006 agus atá san áireamh sna suimeanna a léirítear thuas mar luach saothair na stiúrthóirí:

	2006 €'000	2005 €'000
Táille an stiúrthóra	**9**	13
Bunthuarastal	**170**	261
Pá neamh-inphinsin a bhain le feidhmíocht	**58**	64
Sochair incháinithe lena n-áirítear úsáid a bhaint as carr cuideachta	**10**	13
	247	351
Rannóca Pinsin	**43**	65
	290	416

Nótaí leis na Ráitis Airgeadis ar leanúint

5. Brabús ar Ghnáthghníomhaíochtaí Roimh Chánachas (ar leanúint)

Ba mar seo a leanas a bhí pacáiste luach saothair an Uasail Donal Connell a ceapadh ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an 14 Lúnasa, 2006 agus atá san áireamh sna suimeanna a léirítear thuas mar luach saothair na stiúrthóirí:

	2006 €'000	2005 €'000
Táille an stiúrthóra	**7**	-
Bunthuarastal	**130**	-
Pá neamh-inphinsin a bhain le feidhmíocht	**21**	-
Sochair incháinithe lena n-áirítear úsáid a bhaint as carr cuideachta	**7**	-
	165	-
Rannícoca Pinsin	**26**	-
	191	-

6. Cáin ar Bhrabús ar Ghnáthghníomhaíochtaí

	2006 €'000	2005 €'000
Cáin reatha		
Éire- Cáin ar Ghnóthachain Chaipitiúla	**16,800**	-
Éire – Cáin chorparáide	**3,551**	-
An Ríocht Aontaithe – Cáin Chorparáide	**549**	201
	20,900	201

6. Cáin ar Bhrabús ar Ghnáthghníomhaíochtaí (ar leanúint)

Tá an muirear cánach níos ísle ná an ráta caighdeánach cánach corparáide in Éirinn.

Mínítear na difríochtaí thíos:

	2006 €'000	2005 €'000
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	**96,565**	40,911
Cáin reatha de 12.5% (2005: 12.5%)	**12,071**	5,114
Tionchar:		
Speansais nach bhfuil inaisbhainte	**573**	360
Liúntais chaipitiúil atá sa bhreis ar dhímheas	**562**	(883)
Faoiseamh ó cháin chorparáide déantúsaíochta	**-**	(16)
Ioncam a ngearrtar cáin air ag rátaí níos airde	**1,645**	918
Caillteanais chánach in úsáid	**(1,055)**	(1,266)
Caillteanais chánach nar úsáideadh	**-**	6,229
Brabús ar shócmhainní a díoladh ag rátaí cánacha níos airde	**5,110**	-
Costais eisceachtúla nach bhfuil inaisbhainte	**1,735**	-
Brabús ar dhíolachán fochuideachtaí nach bhfuil incháinithe	**(324)**	(7,567)
Difríochtaí uainiúcháin gearrthéarmacha	**583**	(2,688)
Muirear cánach reatha	**20,900**	201

